

Mionlach

€3/£2
Uimhir 14

IRIS DE CHUID MISNEACH

2024



» Lonnaíochtaí Lán-Ghaeilge i mBÁC

» Géarchéim na teanga scríofa

» Díchoiliniú na Gaeltachta

» An sóisialachas agus an phleanáil teanga

Agus go leor eile...

MISNEACH

ár dteanga, ár dtodhchaí



Teagmháil:
mionlach.abu@gmail.com
eolas@misneachabu.ie
Suíomh idirlín: misneachabu.ie
Dearadh:
buíochas le Caomhán Ó Scolaí

I measc ábhar an eagrán seo:

- 3 **Lonnaíochtaí Lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath**
Kerron Ó Luain
- 4 **Ní ceist chultúrtha amháin é díchoiliniú na Gaeltachta, is ceist eacnamaíoch é leis!**
Mark Hartery
- 5 **Cad é Fíorscríobh?**
Julie Uí Dhomhnaill
- 6 **An pobal léitheoireachta agus gearchéim na teanga scríofa**
Pádraig Mac Oscair
- Buanú Teanga í a Léamh**
Éamonn Ó Ceallaigh



- 8 **I dtreo na toadhcháil! — Teachtaireacht ón mBreatain Bheag**
Bethan Ruth
- 10 **An réabhlóid shóisialach agus tuairimí saineolaithe pleanála teanga idirnáisiúnta** *Ben Ó Ceallaigh*
- 12 **Rónán Mac Aodha Bhuí 1970-2023**
- 12 **Acmhainní feimíneachais**
- 13 **Léirmheas: Súil Eile**
- 14 **Dánta** *Caitriona Ní Chadhain*
- 15 **Scéal** *Jim Ward*



Eagarfhocal

Fáilte go hEagrán 14 de *Mionlach*, irisleabhar Mhisneach. Is cinnte go raibh bearna sách fada ann ó tháinig eagrán 13 amach. D'éirigh linn an t-eagrán sin a chur i gcló nuair a bhí an phaindéim i mbarr a réime ach, ó shin i leith, cuireadh cúrsaí as a riocht beagán de bharr na dianghlasála agus na ndeacrachtaí a tháinig ina cosamar. Mar sin is mór an sásamh é dúinn an t-eagrán seo a chur faoi bhur mbráid, faoi dheireadh!

Tá neart le fáil san eagrán seo, ina measc: dánta le **Caitriona Ní Chadhain** agus **Llinos Anwyl** agus alt faoi cheist an díchoilínithe le **Mark Hartery**. Cíorann **Éamonn Ó Ceallaigh** tábhacht na litríochta don teanga agus pléann **Pádraig Mac Oscair** an ghéarchéim i scríbhneoireacht na Gaeilge. Tugann comradáil linn ó *Cymdeithas yr Iaith Gymraeg*, **Bethan Ruth**, teachtaireacht spreagúil dúinn ón mBreatain

NÍ SÍOCHÁIN



GO CEARTAS

Bheag. Tá gearrscéal spéisiúil ann chomh maith le **Jim Ward** agus insíonn **Julie Uí Dhomhnaill** dúinn faoin togra *Fíorscríobh* atá idir lámha aici. Cuireann **Ben Ó Ceallaigh** síos ar an nasc idir an réabhlóid shóisialach agus tuairimí saineolaithe pleanála teanga — daoine atá, go minic, ar aon tuairim le Misneach faoin ngá le réabhlóid fhrithchaipilteach chun teangacha mionlathais a shábháil. Tá léirmheas le **Kerron Ó Luain** ar an leabhar *Súil Eile* agus tá cur síos againn ar an méid atá

ar bun ag Misneach BÁC maidir le cúrsaí tithíochta. Is í an tithíocht an gad is gaire do scornach na nGael i gcónaí. Sa Ghaeltacht, tá daoine óga á mbrú amach as an gceantar de bharr cheannas na dtithe saoire ar an bpobal. Tugtar tús áite don turasóireacht agus fágtagar glúinte óga in áit na leathphingine. Tá géarchéim tithíochta ann sna cathracha chomh maith, ach tá tuiscint ann le déanaí go bhfuil an ghéarchéim chéanna ag cur bac ar iarrachtaí cainteoirí

Gaeilge líonraí agus pobail a chothú. Tá creidiúint ag dul do Chonradh na Gaeilge gur rith a Ard Fheis roinnt rún ar chúrsaí tithíochta le déanaí a thug suntas do na fadhbanna seo. Beifear ag súil go ndéanfar beart de réir briathra na rún úd.

Ar deireadh, is fiú a mheabhúr daoibh, a léitheoirí, gur tionscadal deonach é *Mionlach* — tionscadal a thosaigh baicle bheag mac léinn agus iad ar an ollscoil i nGaillimh ocht mbliana ó shin agus a choinnítear ag imeacht ar son na cúise, gan aon mhaoiniú ón stát. Déantar aon airgead a fhaightear de bharr dhíolachán a infheistiú arís san iris. Tá an-bhród orainn as an neamhspleáchas seo, agus gur *Mionlach* an t-aon iris clóite i saol na Gaeilge a dhéanann ceist an tsóisialachais a nascadh le ceist na teanga — rud atá níos riachtanaí inniu ná riamh.

Beirimis bua,
An fhoireann eagarthóireachta
Ben Ó Ceallaigh, Hynek Janoušek, Kerron Ó Luain,
Pádraig Mac Oscair agus Tadhg Mac Eoghain



Tiomnaítear an t-eagrán seo de Mhionlach do laoch mór na nGael, Rónán Mac Aodha Bhuí, a cailleadh agus muid ag cur deireadh leis. Cara mór do Mhisneach a bhí ann a riamh. Solas síoraí dá anam.

Lonnaíochtaí Lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath

le Kerron Ó Luain

Tá sé soiléir ón taighde sochtheangeolaíoch ar fad go dtí seo nach leor “líonraí” de phobail scaipthe ina bhfuil “nuachainteoirí”, “foghlaiméoirí” agus lucht caithimh aimsire go mór sa treis, chun teanga a thabhairt slán. Cé gur forbairt dhearfach iad na líonraí uirbeacha, ní chuirfidh siad le seachadadh idirghlúine na teanga mórán, rud atá thar a bheith tábhacht má tá muid ag iarraidh go mbeidh an Ghaeilge beo beathach.

Má ghlactar leis an mbunfhírinn sin, an sprioc ar chóir a bheith ag lucht na Gaeilge agus formhór na heagraíochtaí Gaeilge ná chun dlúthphobail de Ghaeil a chothú nó a thógáil. An aidhm atá leis seo ná go gcothófaí an teanga i ndlúthphobail agus go ndéanfaí seachadadh ar an teanga go dtí an chéad ghlúin eile — mar atá ag tarlú sna ceantair láidre Gaeltachta leis na cianta. Tá Misneach i mBaile Átha Cliath ag feidhmiú ar an mbonn seo le tamall anuas. Ach sula bpléim sin, ba mhaith liom cúrsaí níos leithne a phlé ar dtús, óir baineann an cúlra seo, go pointe, lenár gcinneadh tabhairt faoi thógáil dlúthphobail.

Ar feadh i bhfad bhí Misneach, na craobhacha cathrach san áireamh, dírithe ar na dlúthphobail teanga atá fágtha sa Ghaeltacht a chosaint tríd agóidíocht ar a son agus tríd dul i bhfeidhm ar an díoscúrsa chun go dtuigfí meath na Gaeltachta mar fhadhb socheacnamaíochta a bhain leis an gcóras caipitleach thar aon rud eile. Bhí feidhm thábhachtach leis an méid sin, ach go háirithe le linn bhlianta na déine. Deirim “blianta na déine”, cé go bhfuil polasaithe na déine fós i bhfeidhm i ndáiríre. Agus dar ndóigh tá baill dhíograiseacha ag Misneach sa nGaeltacht go fóill i mbun feachtais ar chúrsaí tithíochta.

Ach, ag leibhéal stát na Sé Chontae Fhichead, ní ann don zeitgeist agóidíochta a thuilleadh a bhain le blianta na déine nuair a tugadh dúshlán leanúnach do chiorruithe rialtais ar sheirbhísí sóisialta, teanga agus cultúrtha. Cuid den chúis don easpa comhthéacs seo i dtaobh na Gaeilge de ná go bhfuil an rialtas tar éis cuma na maitheasa a chuir air féin tríd cuid — agus níl i gceist ach cuid an-bheag — den airgead a bhí ag dul don Ghaeltacht agus don Ghaeilge roimh 2010 a thabhairt ar ais. Chaith Jack Chambers cúpla bliain chrua ag tabhairt cuairte ar an nGaeltacht, na líonraí agus na pobail Ghaeilge éagsúla ag gearradh ribíní agus ag fógairt deontas. Sa mhullach air sin, tá na gluaiseachtaí sóisialta imithe i léig; cur i gcás gluaiseacht an cháin uisce. Ní ann do ghluaiseacht leathan tithíochta cé is moite de CATU atá ag déanamh obair na gcapall mar chumann tionónta atá ag troid in aghaidh tiarnaí talún. Níor éirigh le gluaiseacht na

Gaeilge tógáil ar an Lá Dearg in 2014 agus feachtas leanúnach agóidíochta a fhorbairt. Mar bharr ar an donas, tá na ceardchumainn faoi cheangail ag an bpairtnéireacht phoiblí/phríobháideach agus gan aon splanc de mhíleatacht le sonrú iontu.

Go deimhin, ní hamháin nach bhfuil gluaiseacht agóidíochta láidir ag an eite chlé ach le déanaí tá sraith agóidí tar éis titim amach i mBaile Átha Cliath (sa Phort Thoir, i nDroimneach, i mBaile Munna, i dTamhlacht, i bhFionnghlas) agus in áiteacha eile sa stát i

Ach, braitheann muid gur anois an t-am chun díriú ar cheist na Gaeilge mar cheist logánta agus an ráiteas “troid san áit ina bhfuil tú” mar mhanna againn. Mhaígh an Cadhnach go gcabhródh aon dul chun cinn san iar-Ghaeltacht i leith lonnaíochtaí lán-Ghaeilge a bhunú le cás na Gaeltachta agus le ceist na Gaeilge trí chéile. Ní chuirfidh an stát beartais díchoilínithe áitiúil i bhfeidhm gan Gaeil a bheith á n-éileamh — nó, go deimhin, gan Gaeil á gcruthú iad féin.

Agus cuid againn ag socrú síos i gceantair

“Anois an t-am chun díriú ar cheist na Gaeilge mar cheist logánta agus an ráiteas “troid san áit ina bhfuil tú” mar mhanna againn.”

gcoinne na dteifeach. Tá an lucht agóide go mór faoi anáil na bhfaisistithe, slíomadóirí lofa de chuid an ‘National Party’ agus an ‘Irish Freedom Party’. Bíodh is nach tús agus deireadh an scéil é, tá tionchar airgid eachtrannaigh le brath sna slógaí sin freisin. Is féidir le leithéidí Gript.ie ábhar proifisiúnta — a ghlacann am agus maoiniú — a chruthú ar na meáin shóisialta chun daoine a bhrú chun seasamh ciníoch a ghlacadh faoi scáth na buartha.

Tá fórsaí móra na heite chlé tar éis chúlú ó na sráideanna. Gan mórán ag tarlú le gníomhú i gcoinne olagarcacht agus rialtas an stáit, níl sprioc fheirge ag sciar mhaith den lucht oibre. Mar sin, dírtear ar na teifigh. Tá cuid den locht anseo ar pháirtithe na heite chlé atá go bunúsach ag fanacht chun teacht i gcomharba ar an rialtas. Tá súil acu ar na pobalbhreitheanna thar aon rud eile. Is beag suim atá acu gluaiseacht ón mbun aníos a thógáil — agóidíocht shiombalach gan stráitéis atá san fheachtas tithíochta Raise The Roof, agus na mórshúlta faoin gcostas maireachtála chomh maith. Ach is scéal é sin do lá eile.

I bhfianaise an chomhthéacs úd, luíonn sé le ciall go mbeadh sprioc ag Gaeil radacacha Bhleá Cliath a bhaineann le tógáil pobail ón mbun aníos. Ní hé sin le rá gur chóir cúlú ón méid atá le déanamh chun dúshlán a thabhairt don chaipitleachas agus don fhaisisteachas ag leibhéal an stáit. Go deimhin, bhí Gaeil radacacha lárnach i bhfeachtas an cháin uisce agus in eachtraí frith-faisisteacha ar na sráideanna le blianta beaga anuas.

ar leith ar na saolta seo, tá deis ann pobail den sórt sin a thógáil, nó cur le pobail den sórt sin, i mbealach nach raibh cheana. Baineann castachtaí ar leith le dlúthphobail a thógáil, dár ndóigh. Chuige sin thug Misneach cuireadh do Chiarán Dunbar (a scríobh an leabhar *Síolta* a phlé na castachtaí sin) le labhairt ag ócáid phoiblí an samhradh seo caite. Bhí aionna eile ar an bpainéal céanna agus saineolas ar leith le roinnt acu uilig.

Táimid anois tar éis an t-aiseolas ón gcrúinniú sin a scagadh. Bhuaileamar le céile roinnt uaireanta ina dhiaidh sin chun feoil a chuir ar chnámha na smaointe atá againn. Feictear dúinn go bhfuil deis ann beartais an-fhiúntach a bhaint amach don Ghaeilge agus don díchoilíniú i gcathair Bhaile Átha Cliath, i gceantair Inse Chóir agus Bóthar na gCloch ach go háirithe. Beidh plean teanga, ina mbeidh dlúthphobail agus lonnaíochtaí lán-Ghaeilge mar sprioc ann, á chur i dtoll a chéile againn sna míonna amach romhainn. Chuige sin, beimid ag obair go cóngarach le grúpaí pobail eile chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach, leithéidí BÁC le Gaeilge ach go háirithe. Tá imeachtaí sóisialta agus oideachasúla ar na bacáin againn freisin a chruthóidh an dúshraith sóisialta atá de dhíth orainn chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach. Mar a deirtear i mbunreacht Mhisneach, “ní teanga go pobal agus ní pobal go teanga”.

► Is staraí agus sóisialach as Bleá Cliath é Kerron Ó Luain. Tá leabhar leis *“Cath idir an pobal agus an murder machine”*: Gluaiseacht na Gaelscolaíochta, c.1973-2023 le foilsiú go luath.

Ní ceist chultúrtha amháin é díchoiliniú na Gaeltachta, is ceist eacnamaíoch é leis!

le Mark Hartery


Dhearbhaigh scríbhneoir agus gníomhaí frithchoilíneach Céiniach Ngũgĩ wa Thiong'o gurb é fíoraídhm an choilíneachais ná smacht a chur ar mhaoín an phobail, ar an méid a tháirgtear agus ar na slite a dhéantar táirgí agus a dháiltear iad.

Úsáideadh dóigheanna idé-eolaíocha le spriocanna eacnamaíocha a bhaint amach mar chuid den choilíneachas caipitliceach seo, in Éirinn ach go háirithe. B'é sin coimpléasc ísleachta a chothú i measc an phobail, rud a théann níos faide ná concas míleata nó polaitiúil agus bhí teanga na Gaeilge mar chuid den chath seo.

Sa chomhthéacs seo, dúradh go raibh teanga 'neamhsibhialta' na Gaeilge freagrach as fulaingt na nGael. Mar sin, cruthaíodh nasc idir an Ghaeilge agus an bhochtaineacht, an deoraíocht agus an bás, go háirithe ó aimsir an Ghorta Mhoir i leith. Deirtí gur bhain an t-anró seo leis an gcinniúnt Ghaelach, rud a dhein normálú ar na coinníollacha dúshaothraithe mídhaonna seo chun an sealbhú coilíneach a neartú, faoi mar a rinne Myles na gCopaleen scigaitheir chruinn air in *An Béal Bocht*.

Cé go raibh ceantracha Gaeltachta an lae inniu in ann rabharta an choilíneachais a chosc den chuid is mó, a bhuí lena n-iargúlacht, a n-acmhainneacht agus láidreach an chultúir iontu, beidh muintir na Gaeltachta fós faoi chois ag an bpróiseas seo fad is nach mbeidh siad ar chomhchéim eacnamaíoch leis an nGalltacht.

Dar le iarstruchtúraithe agus le tógachaithe criticiúla*, bíonn tionchar ag na díoscúrsaí ceannasacha atá i réim i sochaí ar fhírinne na polaitíochta, rud a mhíníonn buanú an chleachtais choilínigh seo i bpolasaithe eacnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta an 21ú aois. Sampla amháin ná seasamh na nAontachtaithe



Sa ghabháil choilíneach,
rinne an teanga don
intinn mar a rinne an
claíomh don chorp.

Ngũgĩ wa Thiong'o

in aghaidh Acht Gaeilge sna sé chontae. Sna 26 contae, is é an cur chuige institiúideach i leith na Gaeilge mar mhionteanga (seachas teanga náisiúnta), mar aon leis an meon cultúrtha gur leor cúpla focal a úsáid, a chuireann bac ar athfhás na Gaeilge agus a thagann salach ar an díchoilíniú.

Mhínigh an scríbhneoir Frantz Fanon an díchoilíniú mar phróiseas a bhfuil trí chuid ann:

1. smachtú a aithint
2. dúchas, stair agus oidhreacht a athghabháil
3. litríocht a chloíonn le spriocanna náisiúnta chomhaimseartha a chothú

Ag breathnú ar an liosta sin, cheapfá go bhfuil an próiseas seo curtha i gcrích den chuid is mó sna ceantracha Gaeltachta a bhuí le saibhreas teanga, ábhair leathan liteartha agus tuiscint mhaith ar léirscrios Impireacht na Breataine.

Bíodh sin mar atá, is beag duine a mhaífeadh go bhfuil an Ghaeltacht chomh láidir le ceantracha eile ar bhonn airgeadais nó eile. Anuas air sin, cháin leithéidí Myles na gCopaleen an dóigh a dhaingnigh Athbheochan na Gaeilge patrúin an spleáchais sa

Máirtín Ó Cadhain:
den tuairim nach
féidir athbheochan
na teanga a scaradh
ó cheisteanna polaitiúla
agus socheacnamaíocha
eile

nGaeltacht. Ach tarchéimníonn an méid seo cultúr amháin. Mar a chuireann Amílcar Cabral i gcuimhne dúinn, is minice a bhíonn daoine ag troid ar son a leasa ábhartha ná ar son smaointe amháin. Mar sin, baineann gnéithe eile le próiseas an díchoilínithe sa Ghaeltacht.

Dar le Fearghal Mac Bhloscaidh, cabhraíonn an nualibralachas a chleachtaíonn 'na gaimbíní agus Seoinín' in Éirinn leis an Impireacht a choimeád beo freisin. Is é an tionchar a bhíonn ag polasaithe den tsaghas seo ar an nGaeltacht ná imirce daoine oile; easpa post, infheistíochta, agus éagsúlaithe sa gheilleagar; ioncaim ísle i gcomparáid le háiteanna eile; cleithiúnas ar fhóirdheontais agus ar dheontais eile; cinní a thugann tús áite do na boic mhóra seachas don chosmhuintir agus a thuilleadh nach iad. Ná déarúdaimís gur cheist airgid é slánú teanga agus cultúir, ceist nach féidir a fhuascailt gan na hacmhainní cuí.

Sa tslí seo, níl san infheistíú neamhréireach a dhéantar sa Ghaeltacht ach cur i gcéill maidir le díchoilíniú na Gaeltachta. Ní leor é nuair atá an méid sin infreastruchtúir agus acmhainní in easnamh de bharr stair an choilíneachais sa tír.

Bhí Máirtín Ó Cadhain den tuairim nach féidir athbheochan na teanga a scaradh ó cheisteanna polaitiúla agus socheacnamaíocha eile. Bhí an fhís chéanna ag Bobby Sands maidir le Gaeltacht Bhóthar Sheá i mBéal Feirste. Dá mbeadh bonneagar maith sóisialta agus eacnamaíochta sa nGaeltacht,

bheadh sí folláin — mar shampla le fostaíocht, scoileanna agus tithe. Agus ansin bheadh deis ag daoine ó lasmuigh teacht chun cónaí ann dá mba mhian leo a saol chaitheamh trí Ghaeilge. An rud is tábhachtaí faoin dearcadh seo ná go mbeadh cumhacht ag muintir na Gaeltachta iad féin cinntí eacnamaíocha a dhéanamh as a stuaim féin.

Toisc go bhfuil cultúr, teanga agus eacnamaíocht fite fuaite lena chéile, is mór is fiú polasaithe forbartha sa Ghaeltacht a scrúdú trí lionsa an díchoilínithe.

Is léir, áfach, go bhfuil cumhacht na mboc mór fós le hathshealbhú. Caithfidh an rialtas éisteacht le guthanna Gaeltachta agus le heagraíochtaí Gaeilge. Toisc go bhfuil cultúr, teanga agus eacnamaíocht fite fuaite lena chéile, is mór is fiú polasaithe forbartha sa Ghaeltacht a scrúdú trí lionsa an díchoilínithe. Nuair a dhéantar amhlaidh, bíonn sé soiléir go bhfuil géarghál le forbairt mhór a dhéanamh ar gheilleagar na Gaeltachta má tá muid dáiríre faoin ruaig a chur ar an nua-choilíneachas ón tír.

*Tógachaithe — daoine a chreideann go mbíonn tionchar ag gnéithe idéúla chomh maith le gnéithe saolta ar ár dtuiscintí ar an saol agus ar an bpolaitíocht.

► Is mac léinn máistreachtá é Mark in Ollscoil Leiden na hÍsiltíre faoi láthair, áit ina bhfuil sé ag díriú ar chaidreamh idirnáisiúnta agus ar an eacnamaíocht pholaitiúil dhomhanda. Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus san Fhraincis in Ollscoil Chorcaí in 2021 agus bhí dlúthbhaint aige le saol na Gaeilge lena linn agus é mar oifigeach forbartha an chumainn Ghaelaigh san Ollscoil. I measc na réimsí spéise agus taighde a bhíonn aige tá stair coilíneach na Fraince, teoiric iarchoilíneach, idirghabháil dhaonnúil agus peirspictíochtaí criticiúla ar an gcaipitleachas.

Cad é Fíorscríobh?

Tuairisc ar an tírdhreach teangeolaíoch dearmadta

le Julie Uí Dhomhnaill

Tosaigh Fíorscríobh an bhliain seo caite, agus mé ag iarraidh doiciméadú a dhéanamh ar sheanfhógraíocht as Gaeilge atá le feiceáil ar fud na hardchathrach agus na tíre trí chéile, ach nach dtugtar mórán suntais dó. Bhí plean agam fá choinne tionscnamh fisiciúil ar dtús — taispeántas grianghrafadóireachta de sheanfógraí ar na sráideanna, go leor acu sa chló Gaelach, ach ar deireadh bhí orm é a dhéanamh ar líne mar gheall ar an dianghlaisáil. Ba é Instagram an áit ab fhearr le haird a tharraingt ar an obair seo. Chonaic mé ar fud Bhaile Átha Cliath gurb iad na fógraí seo an t-aon áit a fheiceann muid an seanchló inniu, bíodh is nach dtugann mórán daoine é faoi deara — níor thug mé féin go dtí gur tosaigh mé ar an togra seo. Ach tá an seanchló fós ar chuid mhór de na seanfhógraí ar fud na tíre. Bhí tréimhse shuimiúil sna 1970idí agus 1980idí nuair a bhí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag táirgeadh a lán fógraíochta nua agus d'athraigh siad ar ais go dtí an seanchló in áit an chló Rómánach a bhí caighdeánach faoin am sin.

D'aithin mé nuair a tosaigh mé ag déanamh taighde ar an ábhar seo nach raibh mórán foilsithe faoi. Níl ach leabhar amháin faoi atá aimsithe agam — *Layers* le Tom Spalding — a phléann an t-ábhar seo. Níl ach cóip amháin sna leabharlanna éagsúla i mBaile Átha Cliath faoi láthair agus tá sé as cló. Staidéar suimiúil é d'fhógraíocht ar shráideanna na hÉireann, le béim ar Chorcaigh.

Tosaíodh ag cur suas fógraí dátheangacha sna 1900idí, roimh an neamhspleáchas. Bhí fógraíocht dhátheangach i nDeilginis thart ar 1902-3 agus chuir fear a rugadh i Londain darb ainm Edward Edmund Fournier d'Albe suas é. Duine aisteach a bhí ann a chuir tús leis an ghluaiseacht Phan-Cheilteach, i measc rudaí eile. Rinne d'Albe iarracht mhór an fhograíocht Ghaelach a chur chun cinn i sráidbhaile Deilginis ag an am. Crochadh cuid de na chéad fhógraí dátheangacha sa Charraig Dhubh ag an am seo chomh maith. Tá cuid mhaith de na fógraí seo fós le feiceáil sa cheantar sin sa lá atá inniu ann. Tá seanfhógraí Gaeilge mar sin fós le feiceáil ar fud Bhaile Átha Cliath, ach tá cuid acu an-chaite ar fad anois agus is ar éigean gur féidir iad a léamh.

Ceann de na rudaí iontach faoi thogra mar seo a dhéanamh ar Instagram ná go bhfuil sé idirghníomhach agus is féidir leat dul i gcion ar phobal níos leithne. Tá a lán comh-leanúnaithe agam atá ina dteangeolaithe, ina staraithe agus ina saineolaithe ailtireachta atá in ann a lán eolais a thabhairt dom nach mbeadh agam muna mbeinn ag roinnt an ábhair seo ar líne. Tá a lán rannpháirtíochta ann ó dhaoine áitiúla atá ina saineolaithe ar stair na gceantar éagsúil. Faighim an t-uafás eolais uathu faoi logainmneacha áitúla



nach bhfuil ar fáil aon áit eile.

Tá go leor seanfhógraí Gaeilge lasmuigh de Bháile Átha Cliath fosta, ar ndóigh. Tá sé suimiúil go bhfuil diofraíochtaí sa stíleanna atá le feiceáil fiú ar chomharthaí oifigiúla laistigh den chontae céanna. Tá difríochtaí idir Conamara agus Gaillimh, agus tá stíl fograíochta ag an gClochán atá an-difriúil ó chathair na Gaillimhe. Tháinig mé ar Sráid na gCreatlach (*Hulk Street*) ar an gClochán — tagairt don nós a bhíodh ann seanbháid nach raibh in ann dul ar an bhfarraige a thuilleadh a choinneáil agus a úsáid mar lóistín ann (rud a dtugtar “creatlach” air as Gaeilge, nó “hulk” as Béarla). Tá cuma challagrafaíochta ar an seanchló — tá an fhoirm i bhfad níos cósula leis an chló a bhíodh in úsáid sna meanaoiseanna agus níos luaithe. Is de bharr na staire seo, ag dul siar don am nuair a scríobhtí an teanga le peann cleite, go bhfuil an chuma sin ar an seanchló. Bhí an cló Gaelach bunaithe ar an chló Rómánach, ach leis an aibítir curtha in oiriúint don Ghaeilge. Lean sé ar aghaidh san fhoirm sin ar feadh tréimhse fhada. Mar is eol do go leor againn, bhí pointe beag darb ainm an “buailte” in úsáid sa seanchló chun an séimhiú a chur in iúl. D'fhoghlaim glúin mo thuismeoirí, a bhí sa bhunscoil roimh an chaighdeán, an seanchló don Ghaeilge agus an cló Rómánach don Bhéarla.



Faighim inspioráid ó chuntas eile ar Instagram darb ainm DisappearingDublin. Postalaíonn DisappearingDublin a lán fograí fosta agus dhirigh sé m'aird ar roinnt mhaith nach raibh feicthe agam féin. Mar shampla, tá roinnt atá an-suimiúil ó na 1970idí, an tréimhse ghearr sin nuair a d'athraigh roinnt déantóirí fógraí ar ais go dtí an seanchló. Fógraí miotail iad, le litreacha cabhartha ar féidir a fheiceáil go soiléir go fóill. Rinneadh iad ar ardchaighdeán déantúsaíochta agus is léir go mairfidh siad i bhfad eile. Níl fhios againn cé a rinne na fógraí seo, agus is ceist mhór í dúinn a bhfuil taighde fós le déanamh uirthi.

Is é an plean fa choinne Fíorscríobh anois ná níos mó taighde ar stair na bhfograí dátheangacha a dhéanamh agus a fhoilsiú. Tá plean agam fosta chun taispeántas a chur ar siúl áit éigean i mblíana. Tá bród orm go bhfuil muid ag cuidiú le tús a chur le comhra faoi áit stairiúil na Gaeilge sa tírdhreach teangeolaíoch in áiteacha nach mbeifí ag súil léi. Tá go leor eile le déanamh, agus é uilig mar chuid de phróiseas an díchoilínithe atá ag teastáil ón tír ar fad.

► Bhí Julie i mbun cómhra le Pádraig Mac Osair. Is féidir leat níos mó a léamh faoin taighde anseo: <https://www.sareview.org/pub/sar6odonnell/release/1>

An pobal léitheoireachta agus gearchéim na teanga scríofa

le Pádraig Mac Oscair

“Ní scríobhann duine ar bith leabhar Gaolainne chun a shaibhreas a dhéanamh ach ní cóir go mbeadh éinne thíos leis ach chomh beag céanna. Nuair a foilsíodh an chéad leabhar uaimse thiar i 1990, fuairas thart ar £700 punt as. Faighim idir €750 agus €900 anois ar leabhar, tríocha bliain níos déanaí. In ainm Dé conas is féidir linn a áiteamh ar dhaoine óga, daoine go bhfuil postanna acu, muirear orthu b’fhéidir agus morgáiste nó cíós le díol acu, an cineál sin dua agus ama a chaitheamh leis an scríbhneoireacht mura bhfuil ach airgead chomh suarach san acu as?”

— Mícheál Ó Laoghaire, os comhair Choiste Oireachtais na Gaeilge, 24/06/2022

Tá seanfhocal acu ar Oileán Mhanainn – “Cha jean oo cosney ping lesh y Ghailck” – nó “Ní dhéanfaidh tú pingin leis an Ghaeilge”, a léiríonn deacracht atá ag gach mionteanga sa lá inniu, go háirithe ag scríbhneoirí nó filí sna teangacha sin. Tá sé deacair go leor a bheith i do scríbhneoir i mórtheanga, ach i bhfad níos deacra nuair atá an pobal léitheoireachta níos lú. Ar ndóigh, tá pobal léitheoireachta i bhfad níos lú i nGaeilge ná i mBéarla — dá gceannódh 50% de na 73,808 cainteoirí laethúla sa Phoblacht an t-úrsceál céanna, bheadh sin fós ní ba lú ná an t-úrsceál “Aisling” is déanaí (díoladh 41,000 cóip de

Aisling In The City in 2021). Ní iontas ar bith é, mar sin, go ndeachaigh foilsitheoirí cosúil le Cois Life as gnó sa bhliain 2018, idir easpa tacaíochta ó Fhoras na Gaeilge agus ó phobal léitheoireachta na Gaeilge. De bharr ciorruithe do bhuiséadh Fhoras na Gaeilge, thit an tacaíocht a bhí ar fail fá choinne scríbhneoirí Gaelacha ó €1.8m in 2008 to €1.01m in 2017, ag déanamh rudaí níos measa fá choinne scríbhneoirí Gaelacha.

Tá sé i bhfad níos éasca leabhair a cheannacht atá scríofa i mBéarla faoin Gaeilge, cosúil le *Motherfoclóir*, ná aon leabhar a scríobhadh i nGaeilge fá choinne pobal Gaelach a fháil. Tá seo le feiceáil ó thaobh na meán clóite de fosta — druideadh *Foinse* agus *Lá* tar éis 2008, agus níor mhair *Gaelscéal* ach ó 2010 go 2013. Níl aon pháipéar nuachtáin laethúil ar fáil trí mheán na Gaeilge anois tar éis an ghearradh siar mór sa tacaíocht a bhí ar fail tar éis 2008, agus an titim ollmhór i líon na léitheoirí a bhí ag na nuachtáin a bhíodh ann — thit figiúirí díolacháin *Foinse* ó 8,000 in 2000 go 3,746 in 2008, mar shampla.

Luaigh Máire Ní Fhinneadha an fhadhb seo in alt a scríobh sí ar *Tuairisc* ar 20/06/2022, ina rinne sí cur síos ar na deacrachtaí a bhí aici ag ceannacht leabhra nua Gaelacha fiú i gCathair na Gaillimhe. Dar léi, “tá roinnt foilsitheoirí atá sách rúnda faoina gcuid leabhar Gaeilge féin. Agus mé ag cuartú leabhar Gaeilge nua-fhoilsithe i siopa breá Charlie Byrne’s le gairid, sé a dúradh

liom le seanbhlás ‘*They’re very secretive about their stock!*’. Is iad na t-aon leabhra Gaelach a bhíonn ar fail ná leabhrafoghlama nó clasaicí cosúil le *Caisleán Óir* — níl bealaí dáileacháin sásúil ar fail fá choinne leabhraí nua-fhoilsithe Gaelacha lasmuigh de shiopaí speisialaithe cosúil leis An Siopa Leabhar i mBaile Átha Cliath, nó Cló-Iar Chonnacht.

Deir roinnt daoine gur féidir brath ar an idirlíon chun scríbhneoireacht Gaeilge a chur chun cinn, ach is botúin é seo dar liom. Cé go bhfuil úsáid na Gaeilge scríofa ar líne antábhachtach ar fad, tá ról tábhachtach fós ag na meáin chlóite chun Gaeilgeoirí a spreagadh chun pinn nó chun pobail úra léitheoireachta a cruthú. Chomh maith leis sin, cuireann an t-idirlíon agus siopaí speisialaithe sa lá inniu an teanga i *ghetto*, áit a ndéanann na Béarlóirí neamhaird ar scríbhneoirí Gaelacha. Tá cúig úrsceál scríofa ag Mícheál Ó Laoghaire ó 2017 ach níor déanadh léirmheas ach ar aon cheann amháin acu. Níl ach leathleathanach san *Irish Times* i nGaeilge gach seachtain, agus tá iris Gaelach an *Irish Independent* fá choinne daltaí scoile agus foghlaimoirí amháin.

Bíonn tionchar mór aige seo ar an tírdhreach teangeolaíoch laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Tógтар paistí sa lá inniu sa Ghaeltacht nach bhfuil in ann an nuacht a leamh trí mheán na Gaeilge, agus atá gan meas ar an Ghaeilge mar theanga scríofa. Lasmuigh den Ghaeltacht, cruthaíonn

Buanú Teanga í a Léamh

le Éamonn Ó Ceallaigh

Agus an iris seo á léamh agat, is mór an seans go bhfuil suim agat i gcaomhnú agus i bhforbairt na teanga. Tuigtear go fairsing i saol na Gaeilge nach leor suim amháin a bheith agat sa teanga, caithfear í a labhairt go laethúil, nó chomh minic agus is féidir. Ní iarsma í a choimeádtar faoi ghlas mar gheall ar cé chomh leochaileach is atá sí. Is neach beo beathach í, a éiríonn níos láidre nuair a neartaíonn a pobal. Dóigh amháin chun an pobal s’againn a neartú, dar liom, ná léitheoireacht na Gaeilge a chothú.

Is fíor a rá nach bhfuil gné ar bith níos tábhachtaí ag teanga ná í a bheith á labhairt mar theanga pobail. Is iomaí Gael atá ann nach léann leabhar Gaeilge riamh agus níl call ar bith ar a gcuid scileanna teanga. Ach dúinne a bhfuil cónaí orainn taobh amuigh den Ghaeltacht agus a bheidh inár bhfoghlaimoirí go deo, is cara dílis í litríocht na Gaeilge a thugann seans dúinn tumadh isteach sa teanga. Cosúil le teanga ar bith eile, má tá fonn ort cur leis an stór focal atá agat, is fú duit a bheith ag léamh chomh minic agus is féidir. Más foghlaimoir thú, is cinnte go

mbeidh sé ina dhúshlán ar dtús. Ach cosúil le dúshlán eile ar an bhealach chun na líofachta, is mór an tairbhe a bhainfidh tú amach as d’iarrachtaí. Níos mó ná sin, beidh éacht bainte amach agat a thabharfaidh muinín duit an chéad leabhar eile a phiocadh suas.

Tá neart fianaise ann a léiríonn an nasc idir rath ar scoil agus léitheoireacht sa bhaile le páistí óga. Chomh luath agus is féidir, cuir tús leis an léitheoireacht sa bhaile. Taobh amuigh den bhuntáiste oideachasúil, tá taighde déanta a thaispeánann go dtugann an léitheoireacht seo deis don

tuismitheoir a chaidreamh leis an leanbh a chothú. Cuireann sé seo leis an tsláinte iomlán go fádtéarmach. Mar Ghaeil, tugann sé deis dúinn an Ghaeilge a bhunú agus a neartú mar theanga an teaghlaigh. Cé nach mbeidh cuimhní ag an leanbh ar an léitheoireacht seo, go domhan san aigne fho-chomhfhiosach, is dearfach a bheidh na mothúcháin i leith na Gaeilge agus na léitheoireachta araon.

Is fearr leabhar Béarla ná gan leabhar ar bith a léamh le páistí óga ach, gan aon dabht má tá iarracht ar bun agaibh an Ghaeilge a bheith mar theanga bhur dteaghlaigh, ba chóir



Rogha na leabhar Gaeilge atá ar fáil i siopa Eason ar Shráid Uí Chonaill i mBÁC

dona go leor nach leor na leibhéil íocaíochta, ach déanfar an easpa scríbhneoirí Gaeilge i bhfad níos measa muna bhfuil dóthain áiteanna ann lena saothar a léamh.

Le tacú le pobal beomhar teanga caithfidh an Ghaeilge scríofa a bheith lárnach sa chomhrá faoi athneartú na Gaeilge. Bíonn a lán béime ar chainteoirí Gaeilge, mar ba chóir, ach tá tábhacht ar leith le hoidhreacht na Gaeilge mar theanga scríofa ar fiú a chaomhnú. Is minc é ráite nach bhfuil traidisiún scríofa níos saibhre ag aon teanga eile ó thuaidh de na Sléibhte Alpa ná mar atá ag an Ghaeilge. Caithfidh muid níos mó iarrachta a dhéanamh léitheoirí Gaeilge a bhailiú le chéile chun pobail a chruthú trí chlubanna leabhar agus grúpaí scríbhneoir-eachta a eagrú, agus brú a chur ar na gnáthshiopaí leabhar cosúil le Easons leabhra nua-Ghaeilge a dhíol — níl sé maith go leor go mbeadh both mhacalla bheag Ghaelach againn ar líne nó inár gcuid siopaí agus spásanna sóisialta éagsúla má tá easpa measa agus feiceálachta ar an teanga sa tsochaí trí chéile, go háirithe i measc daoine óga nó mhuintir na Gaeltachta.

Gan na hiarrachtaí seo, is deacair a fheiceáil cén dóigh a thiocfaidh an chéad ghlúin eile d'fhilí agus úrscéalaíthe eile chun cinn agus laghdófar níos mó ar chultúr na nGael. Tá sé dona go leor nach bhfuil ach dornán beag daoine in ann beatha a thabhairt i dtír mar scríbhneoirí Gaeilge, ba thubaiste é dá ndéanfar an líon beag scríbhneoirí atá againn a laghdú tuilleadh.

► Tá Pádraig Mac Oscair ina scríbhneoir agus ina ghníomhaí as Tír Chonaill atá anois lonnaithe i mBÁC. Is feidir a chuid scríbhneoireachta a léamh in Mionlach, Rupture agus Socialist Voice.

sé an íomhá gur ábhar staidéir gan tábhacht í an Ghaeilge agus nach bhfuil aon duine ag scríobh drámaí nó filíocht nua-aimseartha inti, rud nach bhfuil fíor, agus scríbhneoirí cumasacha ar fud na tíre fós ag scríobh as

Gaeilge, ach gan mórán deiseanna acu a gcuid a fhoilsiú.

Gan na hirisí nó na páipéir Ghaelacha, níl bealaí ann do scríbhneoirí óga chun taithí a fháil agus faobhar a chur ar a gcumas. Tá sé

leabhair Ghaeilge a léamh. Tá an tuairim aineolach amuigh ansin a chreideann nach bhfuil go leor leabhar Gaeilge ann agus nach bhfuil siad d'ardchaighdeán. I láthair na huaire, tá leabhair Ghaeilge do pháistí, go háirithe na pictiúrleabhair chomh maith ná níos fearr ná atá na leabhair a fhoilsítear as Béarla. Tá réimse leathan ann idir na buntéacsanna a scríobhadh i nGaeilge agus leabhair atá aistrithe ó theangacha eile. Buail isteach chuig do leabharlann áitiúil agus cuir ceist ar an leabharlannaí faoi na leabhair seo. Mura bhfuil leabhar faoi leith ag do leabharlann áitiúil,

ba chóir go mbeadh siad in ann é a fháil isteach ó leabharlann phoiblí eile Ní gá é a rá, ach ná ceannaigh leabhar ar bith ó Amazon — tabhair tacaíocht do do shiopa leabhar áitiúil, go háirithe má tá siad sásta leabhair Ghaeilge a chur chun cinn.

Dóibh siúd le páistí, go háirithe daoine nach raibh Gaeilge acu féin sa bhaile, feicfidh tú go gcuirfidh an léitheoireacht seo go mór le do scileanna teanga féin. Bíonn na leabhair is fearr scríofa go fileata mar mhacalla den teanga labhartha. Éist leis na focail seo, mothaigh iad agus cuir iad ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin

eile le fuinneamh agus le díograis. Ón ghlúin seo a thiocfaidh na filí, scríbhneoirí agus ealaíontóirí Gaeilge nua a bheidh in ann cur leis an teanga ársa, scríofa seo. Smaoinigh air sin agus an pictiúrleabhar á léamh agat.

Níl le déanamh agat anois ach leabhar a roghnú duit féin. Cosúil leis an aclaíocht, uaireanta bíonn sé níos fusa tús a chur le himeacht úr i gcuideachta daoine eile. Tá clubanna leabhar Gaeilge fud fad na tíre anois. Coinnigh súil ar na meáin shóisialta. Nó níos fearr arís, cuir tús le do chlub leabhar féin. Níl i gceist ach

leabhar a roghnú agus scaifte a bhailiú le chéile. Buail le chéile go fisiciúil nó ar líne má tá sé sin níos fusa daoibh. Ach an rud is tábhachtaí ná go mbíonn tú ag léamh na Gaeilge agus go mbíonn tú ag tabhairt tacaíochta do scríbhneoirí agus d'fhoilsitheoirí a bhíonn ag treabhadh leo gan mórán tacaíochta ón stát nó ó na meáin Bhéarla. Beatha teanga í a labhairt agus is buanú teanga í a léamh.

► Is gníomhaí teanga agus scríbhneoir as Cúige Uladh é Éamonn Ó Ceallaigh. Tá suim faoi leith aige i gcur chun cinn na léitheoireachta.



I dtreo na todhchaí!

— Teachtaireacht ón mBreatain Bheag

Seo aistriúchán d'óráid a thug comrádaí dílis dár gcuid, Bethan Ruth, atá ina ball den ghrúpa feachtasaíochta Breatnaise Cymdeithas yr Iaith Gymraeg. Bhí sí ag caint cúpla mí ó shin ag ócáid le comóradh a dhéanamh ar 60 bliain den ghrúpa a bheith ar an bhfód. Thug Cymdeithas inspioráid do sheanMhisneach Uí Chadhain sna 60idí agus thug siad an-ugach don darna leagan den eagraíocht le 10 mbliana anuas freisin. Go mba fhada buan iad!

le Bethan Ruth

Is mór an spreagadh a thugann sé do dhuine nuair a fheictear an dul chun cinn atá déanta ag Cymdeithas ar son na Breatnaise i gcaitheamh na mblianta. Tá mé féin mar chuid de ghlúin a bhain leas as iarrachtaí, agus as íobairtí, na bhfeachtasóirí a tháinig romham. Bhain mé tairbhe as a bheith in ann fás aníos in áit ina raibh an Bhreatnais mar ghnáth-theanga an phobail agus tugadh deiseanna oibre dom trí mheán na Breatnaise. Ach tuigim go maith cé chomh pribhléideach is atá mé sa méid sin agus nach bhfuil an taithí sin ag formhór mór na mBreathnach.

Caithfidimid leanúint lenár bhfeachtas chun cearta comhionanna a chinntiú do

gach duine anseo sa mBreatain Bheag, is cuma cén cúlra atá acu, le cinntiú go mbeidh rochtain ag cách ar an mBreathnais.

Tá béim Cymdeithas ar phobail agus ar an sóisialachas díláraithe mar a chéile inniu is a bhí sé sna 60idí. Más féidir linn pobail a chumhachtú chun a gcinniúint féin a rialú, athrófar gach rud agus beidh bonn i bhfad níos láidre ann don cheartas agus don tsaoirse de gach cineál. Is fearr a thuigeann daoine agus pobail céard a theastaíonn uathu féin agus de ghnáth bíonn an cumas acu é a bhaint amach — is é an rud atá in easnamh ná an chumhacht.

Má thosaíonn muid ag leibhéal an phobail, ag tabhairt acmhainní suntasacha do dhaoine chun freastal ar a gcuid riachtanas, ní hamháin go rachaidh

sé chun leas na teanga, ach rachaidh sé chun leas na timpeallachta chomh maith. Is iad na freagraí céanna a theastaíonn ar son na teanga agus na timpeallachta maraon, agus is mar sin cruthófar tír atá fíor-inbhuanaithe, i ngach ciall den fhocal. Mar is eol dúinn, ní bheidh éinne ag labhairt Breatnaise ar phláinéad marbh — mar sin tá sé ríthábhachtach go mbeadh streachailt na teanga fite fuaite le cinn eile. Seo é ár sprioc — Breatain Bheag shaor, Breatain Bheag ghlas agus Breatain Bheag Bhreatnach.

Le cás na Breatnaise a chur i gcomhthéacs níos leithne, cuimhnímis nach mbaineann meath teanga agus a pobal leis an mBreatain Bheag amháin. Baineann muid le gréasán domhanda teangacha, cultúr agus daoine a mbíonn na streachailtí céanna acu agus an leatrom céanna orthu. Ba mhaith linne an gréasán domhanda sin a neartú, go n-oibreoidh muid le chéile níos dlúithe, ag fhoghlaim agus ag roinnt eolais agus ag seasamh lena chéile.

Tar éis paidéim dhomhanda, tá géarchéim chostais mhaireachtála anois againn agus géarchéim tithíochta atá ag dul in olcas, mar atá bonn eacnamaíoch ár bpobal ar fad. Leanann polasaithe na déine ar aghaidh, agus tá an

bhochtaineacht agus an éagothroime ag méadú, agus go leor daoine ag streachailt chun freastal ar a gcuid bunriachtanas maidir le foscadh, bia agus teas. Tá an saibhreas goidte ag an 1% agus tá fadhbanna meabhairshláinte an-fhairsing, gan tacaíochtaí sásúla ar fáil. Tá an t-aonrú agus an t-uaigneas ag dul i dtreis de réir mar a lagaíonn líonraí sóisialta.

Tá cos ar bolg agus cogadh ag milleadh saolta daoine ar fud an domhain, tá tithe fágtha folamh toisc gur fearr é sin don chaipitleachas ná iad a thabhairt do dhaoine gan dídean. Thar aon ní eile is í an ghéarchéim aeráide an bhagairt is mó do gach uile duine againn ar domhan.

Bí ag caint ar scéal duairc! Gan gníomh práinneach agus radacach, beidh toradh ár gcúrsa reatha an-dorcha, tá faitíos orm.

Ach, tá cúiseanna dóchais ann — bhí Cymdeithas an-ghnóthach le deich mbliana anuas agus is mór an méid atá bainte amach againn, ainneoin na ndeacrachtaí:

- **Tar éis thorthaí an daonáirimh in 2011** chuir muid iachall ar an Rialtas glacadh le sprioc de mhilliún cainteoir Breatnaise faoi 2050, agus mar thoradh air sin tá an dioscúrsa athraithe ó “chaomhnú” go “fás” na teanga
- Tá ceachtanna Breatnaise anois saor in aisce do theifigh agus do dhaoine idir 16-25 bliain
- Tá cáin chomhairle níos airde ar thithe samhraidh tugtha isteach ag go leor

comhairlí contae, rud a d'éiligh Cymdeithas

- **D'éirigh linn stop a chur le plean an Rialtais deireadh a chur le ról an Choimisinéara Teanga agus tá gealltanais anois ann go mbeidh cearta teanga againn in earnálacha nua**
- **Tá tacaíocht don Bhreatnaise níos airde ná riamh i measc mhuintir na Breataine Bige agus déantar í a cheiliúradh mar theanga nua-aimseartha agus feiceálach atá lárnach i saol na tíre**

Ach, ar ndóigh, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag gníomhú. Cé nach bhfuil na freagraí ar fad againn, is féidir bearta praiticiúla a dhéanamh, mar shampla céimeanna ar nós:

- **Acht Maoine a thabhairt isteach chun smacht daonlathach a thabhairt do phobail ar thithíocht agus ar phleanáil agus chun teach a chinntiú do chách**
- **Feabhas a chur ar an ngeilleagar agus ar an mbonneagar trí dhualgas a leagan ar an rialtas infheistíocht agus saibhreas a scaipeadh ar fud na tíre agus geilleagair áitiúla láidre a chur chun cinn i ngach réimse. Mar shampla, ag bogadh post san earnáil phoiblí amach ó Chardiff go áiteacha imeallacha**
- **Toirmeasc ar aon fhorbairtí nua guail, ola nó gáis, deireadh práinneach a chur le húsáid breoslaí iontaise**
- **Comhoibriú le feirmeoirí beaga agus le**

pobail chun plé oscailte a réachtáil agus straitéis inbhuanaithe a fhorbairt do thodhchaí na talmhaíochta a rachaidh chun sochair na timpeallachta

- **Ceachtanna Breatnaise a dhéanamh saor in aisce do chách, agus ceart dleathúil a chruthú do gach fostaí an Bhreatnaise a fhoghlaim mar chuid dá uaireantaí oibre**
- **Socraigh sprioc náisiúnta chun míle spás nua a chruthú ina bhfuil an Bhreatnaise mar phríomhtheanga, lena n-áirítear pobail thíreolaíocha, ionaid oibre, gnólachtaí, clubanna fóillíochta agus scoileanna**
- **Bille nua Breatnaise a thabhairt isteach a leathnóidh cearta teanga go dtí an earnáil phríobháideach agus a neartóidh cumhachtaí rialála Choimisinéir na Breatnaise**

Níl anseo ach cuid dár riachtanais. Agus is dóchas agus grá dár bpobail a spreagann na héilimh seo go léir. Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh muid ár bhfuinneamh agus dóchas le haghaidh todhchaí níos fearr agus go ndéanaimid nasc leo siúd a bhfuil an fhís chéanna acu chun gluaiseacht mhór a chruthú.

Tá ár stair ar eolas againn, tá a fhios againn gur féidir linn ár n-aislingí a fhíorú. Tá an fhíor-chumhacht againne, an chosmhuintir, chun todhchaí chothrom, chóir a bhaint amach. Le streachailt, tá cumhacht againn Breatain Bheag shaor, Breatain Bheag ghlas agus Breatain Bheag Bhreatnach a chruthú. Diolch!



‘Ní fhaca mé scéal chomh holic ariamh nár mheasade é Garda’

BREANDÁN Ó BEACHÁIN
GAEL, FILE, DRÁMADÓIR,
SCRÍBHNEOIR, POBLACHTÁNACH


An réabhlóid shóisialach agus tuairimí saineolaithe pleanála teanga idirnáisiúnta

le Ben Ó Ceallaigh

Beidh fhios ag éinne a léann an iris seo go rialta nó atá cleachta leis an gcineál cainte a bhíonn ag Misneach go gcreideann muid go bhfuil gá le réabhlóid shóisialach chun an Ghaeilge a shábháil. Leanann muid go bródúil sa traidisiún idé-eolaíoch ina raibh Séamus Ó Conghaile, an Cadhnach agus go leor den eite chlé Ghaelach le breis is céad bliain anuas. Ach cén fáth go díreach a bhfuil muid den tuairim seo, agus cén meas atá ar a leithéid de dhearcadh i measc saineolaithe agus scoláirí a chaitheann a saol ag plé leis an athneartú teanga ar fud an domhain?

Scríosadh tacaíocht don Ghaeilge agus don Ghaeltacht le linn na mblianta de chiorruithe a lean 2008, agus bíodh is go bhfógraítear méaduithe ar bhuiséad na Gaeilge anois is aríst, níl muid fiú gar don áit a raibh muid roimhe sin. Is toradh é seo ar nádúr an chaipitleachais. Smaointíonn Gaeil go minic gurb í an fhadhb atá againn ná go bhfuil drochpholaitheoirí frithGhaelacha againn. Tá an fhírinn níos seirbhe fós. Tá an córas é féin frithGhaelach (agus frith-eiceolaíoch agus frithdhaonna chomh maith!) — mar a dúirt Ó Conghaile, “*the chief enemy of a Celtic revival today is the crushing force of capitalism.*” Is cuma cé atá ag bainistiú an chórais, bíonn orthu lucht an rachmais a shásamh ar fhaitíos go mbogfaidís a gcomhlachtaí thar sáile agus go gcaillfí poist dá bharr, rud a mhínigh Fred Block ina alt cáiliúil *The Ruling Class Does Not Rule*. An freagra sa ngearrthearma ná cruthú ceadchumann agus gluaiseachtaí sóisialta trodacha a chuirfidh dóthain faitís ar an uasaicme le go nglacfaidh siad le leasuithe — sin an chaoi a bhfuair muid an deireadh seachtaine, lá oibre 8 n-uaire a chloig, an dól agus go leor eile. Agus sa bhfadtearma thig le gluaiseachtaí mar sin geilleagar nua ar fad a chruthú. Mar a rinneadh in áiteachaí cosúil leis an gCatalóin sna 1930idí (féach George Orwell, *Homage to Catalonia*), chuirfí an chumhacht i lámha na n-oibrithe chun a láithreacha oibre a reáchtáil ar bhonn daonlathach, agus le rudaí a thairgeadh de réir gá, ní chun brabús a dhéanamh do na húinéirí mar a dhéantar faoin gcaipitleachas.


Ní hamháin go mbeadh acmhainní againn le tithíocht shóisialta, séirbhís sláinte, córais iompair agus oideachais den scoth a chruthú dá mbainfeadh muid an t-airgead de na



caipitlithe, ach bheadh an ath-dháileadh maoine agus dlárú cumhachta atá mar chuid den réabhlóid atá uainn ina gcúnamh ollmhór don Ghaeilge agus dá pobal. Dá mbeadh bunriachtanais an tsaoil cinntithe ag cách, is mó i bhfad an fuinneamh a bheadh ag daoine le bheith ag cuimriú ar dhán mionteangacha — rud nach bhfuil chomh práinneach céanna nuair nach féidir leat na billí teasa a íoc. Go deimhin, tá sé ráite go minic sa litríocht acadúil a bhaineann leis an bpleanáil teanga go bhfuil an córas reatha go hiomlán in aghaidh riachtanais teangacha mionlaithe —

bíodh is nach mbeadh fhios agat é i bhfianaise cé chomh coimeádach is atá na heagraíochtaí teanga státmhaoine! Féach, mar shampla, an méid a deir Salikoko Mufwene, ollamh cáiliúil sa réimse seo: “*Can most of the indigenous languages be maintained without changing the current socioeconomic world order among both the victims and those who control it? The answer to this latter question is obviously negative.*” An tuairim chéanna atá ag K. David Harrison ina leabhar *When Languages Die*: “*only a very different kind of world order, one that truly values and fosters diversity of thought and sustainability of traditional ways of life, can improve things.*” Dar le Leanne Hinton, a chruthaigh an scéim máistir-printiseach d’fhoghlaimeoirí fásta mionteangacha (atá anois i bhfeidhm i gcuid mhór den Ghaeltacht), cailltear teangacha de bharr “*the world political economy which invades and takes over the territories of indigenous peoples, threatens the ecosystems in which they live, wipes out their traditional means of livelihood, and (at best) turns them into low-caste laborers in the larger society in which they must now live on the margins.*” D’eile céard a theastódh mar sin, ach córas eile!

Is minic é ráite ag muintir na Gaeltachta go dteastaíonn tuilleadh cumhachta uafa — cumhacht le polasaithe eacnamaíochta a chur i bhfeidhm nach bhfuil cosúil leis an gcuid eile den tír (i. ag éascú rudaí do chorparáidí móra a imeos nuair a stopann an deontas), nó polasaithe faoi leith don phleanáil tithíochta. Go deimhin, tá cumhacht pholaitiúil in Éirinn



Noam Chomsky: *Teanga = Cumhacht*

thar a bheith lárnaithe, rud atá go dona do phobail ar fud an oileáin, an Ghaeltacht san áireamh. Seo an méid a deir Colin Williams, ollamh le Breatnais agus saineolaí polasaí teanga: *“political autonomy and economic autarchy [are] the twin pre-conditions ... of successful language regeneration”*. Ach ní shin atá ón stat. Léirigh fathaigh de chuid léinn an náisiúnachais amhail Ernest Gellner agus Benedict Anderson go bhfuil sé de nádúr stát cur as d’éagsúlacht theangeolaíoch mar chuid de chruthú fórsa oibre “solúbtha”. Mhínigh an teangeolaí agus saineolaí ar Ghaeilge na hAlban, Nancy Dorian, gur chuid riachtanach de na hachtanna imfhálaithe (*acts of enclosure*) — a bhrúigh tuathánaigh óna gcuid tailte isteach i monarchana le linn luathbhlianta an chaipitleachais — é cur chun cinn an aonteangachais. Deir sí gurb é coincheap an náisiúntáit *“that has in modern times posed the keenest threat to both the identities and the languages of small communities”*. Nó mar a chuir Florian Coulmas, sochtheangeolaí mór le rá é, *“the nation-state as it has evolved since the French Revolution is the natural enemy of minorities”* (féach freisin saothar an tsaineolaí ar Maori,

Stephen May, nó scríbhinní iontacha Sue Wright). Ní nach ionadh é, mar sin, gur dhúirt Noam Chomsky, laoch de chuid na heite chlé agus an teangeolaí is tábhachtaí le 100 bliain anuas, *“questions of language are basically questions of power”*. Ní teangacha lucht an rachmais atá i mbaol ar fud na cruinne. Is dá bharr seo a deir Suzanne Romaine, duine eile de phríomhúdair na réimse seo *“the measures most likely to preserve small languages are the very ones that will help increase their speakers’ standard of living in a long-term, sustainable way.”*

Scoláire cáiliúil eile a scríobhann faoi athneartú teanga é John Edwards. Agus tá sé an-fhoscailte ina thuairim gur athruithe réabhlóideacha a theastaíonn le teanga a athneartú go héifeachtach: *“a logical approach to maintenance and revival, to the halting of decline and shift, is to unpick the social fabric that has evolved and then reweave it in a new pattern. This is, again, theoretically possible (consider revolutionary upheavals), but it is significant here that most who are concerned with language maintenance or revitalization usually want only some reworking of social evolution, not wholesale revolution”*. I saothar

eile ina phléann sé an easpa polaitíochta réabhlóidí seo deir sé *“to say that this poses problems when interventions are being considered is a considerable understatement”*.


Bíodh is gur dearcadh mionlaigh é an dearcadh réabhlóideach i saol na Gaeilge fós, le gach bliain a imíonn thart, tá le feiceáil ag níos mó agus níos mó againn gur athrú bunúsach i bhfeidhmiú na sochaí a theastaíonn. Má tá muid le teacht slán ó ré seo na n-éigeandálaí, caithfear cumhacht agus maoin a thabhairt don chosmhuintir. Ní scaoilfidh an usaicme dá gcumhacht gan troid, áfach, mar sin is é éirí amach an luchta oibre an t-aon rud a athróidh an saol seo. Chuig gríosadh an chatha sin atá Misneach, agus is léir go bhfuil an tuiscint réabhlóideach seo ag teacht le tuairimí scoláirí móra na réimse ar a bhfuil ag teastáil ón nGaeilge agus teangacha mionlaithe eile chomh maith.

► Léachóir in Ollscoil Aberystwyth sa mBreatain Bheag agus údar *Neoliberalism and Language Shift: Lessons from the Republic of Ireland Post-2008* é Ben Ó Ceallaigh. Scríobh chuige má tá PDF dá leabhar uait saor in aisce, nó na tagairtí do na hathfhríotail san alt seo: riotpunx77@gmail.com

Ní naimhde linn na teifigh


Is naimhde iad na polaiteoirí a rinne teifigh díobh

MISNEACH



Rónán Mac Aodha Bhuí 1970-2023

“Tá muid faoi bhrón agus faoi smúid ar chloisteáil dúinn faoi bhás ár gcara Rónán Mac Aodha Bhuí. Ba chrann taca Rónán ag Gaeil ar fud na tíre agus níl inse béil ar an bheocht agus an spiorad a chothaigh sé mar láithreoir ar Raidió na Gaeltachta, ag an Cabaret Craiceáilte agus na himeachtaí spleodracha uilig a d’eagraigh sé agus a chuir sé i láthair. Rinne Rónán a sheacht ndícheall ariamh saol bríomhar Gaelach a chothú agus a chur chun cinn agus, go deimhin, d’éirigh leis sin a dhéanamh. Ghlac sé le níos mó ná a chuid féin d’ualach na hoibre sin. Chomh maith leis sin, chuidigh sé linne i Misneach agus leis an oiread sin feachtas forásach ar son na nGael, na teanga dúchais, ar son an luchta oibre agus na dlúthpháirtíochta idirnáisiúnta. Duine lách cineálta tuisceanach a bhí ann raibh féith an ghrinn agus boige croí ann. Cronóidh muid go géar é.”



• Laoch ar lár

Acmhainní feimineachais

Le cúpla mí anuas, d’eagraigh coiste feimineachais Mhisneach ceardlanna iontacha do bhaill na heagraíochta ar fad. Ba chuid é seo den obair leanúnach atá ar bun ag Misneach leis an dúshlán a thabhairt do phatracacht agus claontaí sóisialta eile taobh istigh agus taobh amuigh den eagraíocht mar aon. Le linn an phlé a tharla sna ceardlanna sin, moladh acmhainní maithe do dhaoine atá ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi shaoradh na mban, atá ina chuid lárnach den streachtait réabhlóideach ar ndóigh. Seo cuid acu a mholann muid go hard:

bell hooks: *Understanding Patriarchy* agus saothair eile

Judith Butler: *Gender Trouble*

Scribhinní Angela Davis


Men Speak Up: A toolkit for action in men's daily lives (PDF ar líne)

Abdullah Öcalan: *Killing the dominant man*

Saothar Emma Goldman

Físeáin Contrapoints ar Youtube

Audre Lorde: *Sister Outsider: Essays & Speeches*




Ceachtanna luachmhara

Léirmheas ar *Súil Eile* le Seán Tadhg Ó Gairbhí

Mar is iondúil fágtar faoi na Gaeil féin é stair na Gaeilge agus stair na bhfeachtas a bhaineann le cur chun cinn na teanga a scríobh. Ní nach ionadh mar sin gur ar an nGael aitheanta Seán Tadhg Ó Gairbhí, eagarthóir *Tuairisc.ie*, a thit an dualgas stair TG4 a scríobh nuair a bhain an stáisiún fiche bliain d'aois amach in 2016. Ní hé seo an chéad leabhar a foilsíodh a choimríonn stair an stáisiúin. Foilsíodh leabhar dár dteideal *TG4@10: Deich mBliana de TG4* siar in 2008. Ba shraith aistí idirdhisciplíneacha acadúla an t-imleabhar úd a chuimsigh an tsochtheangeolaíocht, an chraoltóireacht, cearta teanga, an t-ilteangachas agus nithe eile nach iad. Áiríodh cuimhní cinn na bhfeachtasóirí sa leabhar chomh maith.

In *Súil Eile*, déantar rianú ar stair an stáisiúin ní hamháin ó bunaíodh é ach ag dul siar go dtí na seascaidí nuair a chéadléiríodh fadhb an easpa Gaeilge ar RTÉ. Insítear an scéal i mbealach cróineolaíoch den chuid is mó agus tá stíl scríbhneoireachta deisbhéalach agus tarraingteach ag Ó Gairbhí. Is iad agallaimh fhoirmeáilte le leithéidí Ciarán Ó Finneadha, Mícheál D. Ó hUigín, Donncha Ó hÉallaithe, Cathal Goan agus Alan Esslemont bunchloch an leabhair seo. Pléann an chéad chaibidil, mar a deir an t-údar, “le cruachás na teanga i saol craoltóireachta in Éirinn ó na 1960idí i leith agus le patuaire an chraoltóra náisiúnta i leith na Gaeilge a thug ar lucht feachtais bóthar fada anacair a thabhairt dóibh féin”. Gné eile a luaitear ná an t-aighneas idir lucht feachtasaíochta i mBaile Átha Cliath agus sa Ghaeltacht a raibh spriocanna éagsúla acu. Teilifís na Gaeltachta a theastaigh ó lucht na Gaeltachta, ach Teilifís na Gaeilge a bhí á héileamh ar lucht athbheochana na hardchathrach. Déanann Joe Steve Ó Neachtain cur síos léargasach ar an deighilt seo agus meon mhuintir na Gaeltachta i leith lucht na hathbheochana:

“Ní bheadh meabhair ná meas ag formhór na ndaoine seo ar an acht teanga mar shampla. Cáipéis nár casadh ina mbealach is nach eol dóibh tairbhe a bheith ag baint léi dá réir. Ní mhothaíonn siad aon dáimh nádúrtha a bheith acu le mórchuid d’eagraíochtaí oifigiúla na Gaeilge. Eagraíochtaí a mheasann siad a bheith ag diúl an uachtair de chíoch an stáit ach atá



chomh strainséara dóibh is dá mba ar phláinéad éicint eile a bheidís ag feidhmiú”.

Cíortar forbairt an Fheachtais Náisiúnta Teilifíse ina dhiaidh sin sula mbogtar ar aghaidh go pianta fáis an stáisiúin agus an athbhrandáil a tharla ina dhiaidh sin nuair a athraíodh a ainm ó TnaG go TG4. Lena hais sin, pléitear ceist chigilteach líon an Bhéarla ar an stáisiún. Ach céard iad na ceachtanna gur féidir linne, lucht na gníomhaíochta, a bhaint ón leabhar?

I dtreo dheireadh na seachtóidí bhí gluaiseacht na Gaeilge, mar a bhí ag an am, sásta leas a bhaint as an easumhlaíocht shibhialta. Dreapadh aeróg RTÉ, rinneadh agóidí “suí istigh”, bunaíodh grúpa darbh ainm *Freagra* a chuir isteach ar chraoladh beo de RTÉ agus a chuaigh i mbun feachtais graifítí i gcathair Bhaile Átha Cliath. I ndáiríre, b’shin a chur an lasair sa bharrach ar dtús mar a bhain sé le ceist na teilifíse Gaeilge. Ba dhóigh go raibh níos mó tionchair ag an bhfeachtas sin ar chothú dioscúrsa laistigh de ghluaiseacht na Gaeilge agus ag déanamh criostalú ar fheachtas na teilifíse ná mar a bhí aige ar lucht an rialtais. Ach cén dochar é sin? Ina dhiaidh sin chuaigh daoine chun an phríosúin as gan a bheith sásta a gceadúnais teilifíse a íoc mar chuid d’fheachtas easumhlaíochta sibhialta.

An tarna rud atá soiléir ón leabhar ná gur cath díchoilínithe a bhí sa streachailt

ar son an stáisiúin. Ba iomaí uair a ionsaíodh lucht na teilifíse Gaeilge sna mórmheáin Béarla. Tugadh ardán reatha do phleotaí Seoiníneach cac frith-Ghaeilge gan bhunús a spalpadh agus chuaigh sin i bhfeidhm ar chuid de na polaiteoirí, rud a d’fhág comhartha ceiste os cionn an tionscadail uilig ar feadh i bhfad. Mar a deir Ó Gairbhí,

“ní gá go n-aithneodh duine Franz Fanon ó Franz Beckenbauer le go mbraithfeadh sé lorg láidir iarmhairtí an choilíneachais ar allagar na teilifíse Gaeilge. Díospóireacht ba ea í faoi chearta mhionlaigh agus faoin gcoimhlint idir luachanna cultúrtha agus luachanna eacnamaíochta. Díospóireacht ba ea í a mhúscail ceisteanna casta, achrannacha a bhain leis an bhféiniúlacht agus leis an bhféinmhuinín”.

Luadh cúrsaí geilleagracha san athfhríotal sin. An tríú mórfhointe gur féidir a bhaint ón leabhar ná cé chomh sprionlaithe is a bhí rialtais an ama agus ceann i ndiaidh a chéile meáite ar pholasaithe na déine. Fad is a bhí muintir an stáit á bhá faoi thionchar an chultúir Angla-Mheiriceánaigh bhí lucht na cumhachta ag máinneáil, iad buartha faoi “acmhainní”. Fiú go dtí an lá atá inniu ann ní seirbhís iomlán phoiblí atá i TG4 amhail an BBC thall agus tá sé ag feidhmiú ar an ngannchuid de shíor, rud a chiallaíonn go mbíonn níos lú uaireanta d’ábhar i nGaeilge le feiceáil ná mar ba cheart. Bíonn an cainéal ag brath ar theacht isteach “ón stáitchiste agus ó lucht fógraíochta araon, rud a bhfágann é faoi chuing an rud ar a thug an t-iriseoir Uinseann Mac Dubhghaill “ansmacht na bhfigiúirí féachana” air.

Mar atá amhlaidh le TG4, i ngach réimse den saol tá an Ghaeilge á chrapadh ag an gcóras caipitleach ina maireann muid. Fágtar beocht agus beatha mionteangacha in áit na leathphingine — go deimhin fágtar beocht agus beatha na cosmhuintire sa riocht céanna. Is tábhachtaí i bhfad rath scairshealbhóirí na gcomhlachtaí ollmhóra ilnáisiúnta. Ní gá gur amhlaidh. Is féidir le hathrú teacht ar chúrsaí. Is mithid dúinn troid ar son an athraithe sin, agus is iomaí ceacht luachmhar atá sa leabhar tábhachtach seo faoi cén chaoi ar féidir linn sin a dhéanamh. Foinse tábhachtach don chéad ghlúin eile de ghníomhaithe.

Sa dán *Boddi*, tagraítear do Learpholl agus múrmhaisiú le focla bána. Tagairtí iad seo do Tryweryn, áit a bádhdh sráidbhaile Breatnaise i 1965 le taiscumar uisce a dhéanamh do Learpholl, agus don mhúrmhaisiú cáiliúil “Cofiwch Dryweryn” (Cuimhnigí Tryweryn). Bíonn íomhá an mhúrmhaisithe sin le feiceáil go fairsing ar tháirgí a bhaineann leis an náisiúnachas Breatnach. De réir na saineolaithe, beidh Caerdydd (Cardiff) ar an séú cathair is measa as ar domhan mar gheall ar éirí na farraige, ach is beag caint atá air sin, fiú sa mBreatain Bheag...



Boddi Llinos Anwyl

Boddi bydd dyfodol Caerdydd.
Dadleoli cymuned.
Colli diwylliant a dinestr natur bydd.
Canlyniad bodoliad cyfalaf
yw'r tanwydd a amlosga ein bydd.

Coda'r dŵr gyda'r degawda i ddod
Ble mae'r brys? A'r gweiddi, a'r diawlio?
Lle mae'r egni'n cael ei ddefnyddio?

Boddi bydd dyfodol Caerdydd.

Seithenyn a Lerpwl yw'n cof cenedl.
Beth yw'r weledigaeth?
Beth fydd ein chwedl?

Mawr yw ein hangen am ddemocratiaeth,
mwy na geiriau gwyn ar wal.
Mwy na murlun minuscule ar nwyddau
i ddatgan eich llwyr ymatal
ar eich ceir newydd sbond.

Ble mae'r brys?
A'r gweiddi, a'r diawlio?
Lle ma'n egni'n cael ei ddefnyddio?

Ond, rhaid edrych yn ôl
a dyna a wnawn;
mewnsyllu yw'r cyfan i'r Cymru gwan
gan anghofio'r yfory a ddaw
a'i chanllaw — cwymp hinsawdd di-ben-draw.

Á bhá Llinos Anwyl

Á bhá a bheas Caerdydd.
Ruaigeadh pobail.
Cailleadh cultúir, scriosadh nádúir.
Torthaí an chaipitleachais
an breosla a dhós an saol seo.

Éirí na mara sna blianta 'tá romhainn
Cá'il an deifir? An béicíl, an búiríl?
Cén áit a gcaitear an fuinneamh?

Á bhá a bheas Caerdydd.

Cuid de chuimhne na tíre — Seithenyn is Learpholl.
Ach cén scéal a bheas a'inn?
Cén fhís atá ann?

Is mó gá an daonlathais
Ná focla bána ar bhalla.
Níos mó ná an murmhaisiú miniscule,
A ghreantar ar ghreamáin na náisiúnaithe
ar chúl a gcarranna nú.

Cá'il an deifir?
An béicíl, an búiríl?
Cén áit a gcaitear an fuinneamh?

Ach, ní mór an súil siar
Agus sin a dhéantar;
Féinmhachnamh féinsásta na mBreatnaiseoirí laga,
An todhchaí a thiocfas, ligthe i ndearmad cheana
Ár dtreo — scriosadh gan stad, dár ndomhan.

As Ynys Môn na Breataine Bige atá Llinos Anwyl. Duine neamh-dhénartha iad a scríobhann agus a dhéanann ealaín faoin ainrialachas agus an Bhreatnais. Ball iad de Cymdeithas yr Iaith Gymraeg agus cumann tionontaí in Aberystwyth.
@henbapur



Dánta le Cairtriona Ní Chadhain

An Tine

Ná téigh isteach ann a chailín
Fan glan ó thine do shúil.

Nach mealltach iad na lasracha
Ach maith tá's agat go ndófar thú.

Fan glan ó chaint bhinn an fhear sin.
A focla deasa is caoch a shúil.

Tá fírinne á cheilt
's do chroísa á mheilt ach
le mo ghlórsa ní éistfidh tú.

Tabhair focal scoir anois dó
Ná héist le mianta a shaol
Beidh sé leat agus ní bheidh
Mar nach leat atá á thriail.

Tá splanc faoi do thóin anois a chailín
ná lig ort gur saonta thú

Mar gur tine thú freisin i súile an fhir sin
& is uaitse ab fhearr dósan éalú.

15 Feabhra

Tá loinnir in aghaidh na ndaoine
an Luain seo théis lá Vailintín

Tá preab ina gcos
feadaíl óna mbéal

Ní thuigimse an fáth
Ach nach maith dóibh atá
Caithfidh sé go bhfuair siad dea-scéala.



► Is as na Minna i nGaeltacht na Gaillimhe do Chaitriona. Bíonn sí ag obair ar chlár faisnéise agus tá sí ag cur fúithi faoi láthair i gcathair Bhéal Feirste. Bíonn sí ag cumadh agus ag breacaireacht go minic, cé gur annamh a chuireann sí a saothar i gcló!

Sa Halla Mór le Jim Ward

Bhí cuma an-sásta air ó fuair sé na torthaí. Bheadh oíche mhaith aige gan dabht. Tuige nach mbeadh? Nár thuill sé é lena gcuid oibre i mbliana? Bhí sé ag teacht chuige le fada, cheap sé agus cuma ghlic ar a aghaidh. Thug sé aghaidh i dtreo an tí tábhairne ba chóngharaí dó. Shiúil sé isteach. 'Pionta beorach agus bosca cipíní'. Dhearg sé toitín. Chaith sé an sean-bhosca cipíní caite uaidh. Shuigh sé os comhair na teilifíse. Céard a bhí air? Clár foghlamtha do pháistí, b'shin an t-am den lá a bhí ann. D'fhéach sé air tamall. Leathuair an chloig ina dhiaidh sin d'ól sé an braon deireanach dá phionta. Mhúch sé toitín. Chaithfeadh sé imeacht. Bhí sé in am don tae. Ag siúl chuig stad an bhus dó, lig sé béic as ar 'taxi'. Céard is fiú bus nuair atá tacsai le fail níos éasca? Cuma faoin bpraghas. Rud nár chuma leis cheana. Ach inniú bhí cuma na féile air. Bhí neart misnigh ina chuisleacha tar éis an chúpla deoch. Duine nua a bhí ann cinnte. Níorbh amhlaidh i gcónaí áfach. Duine neamhchoitianta ab ea é de gnáth ach d'athraigh agus chlúdaigh an deoch é sin. Bheadh sár-oíche ann anocht go deimhin.

Deich mbliana i ndiaidh sin...

Sheas sé isteach i mbéal an dorais as bealach ón gcith báistí a thosaigh ag titim go tobann ón spéir lán de scamail agus de bhagairt droch-aimsire. Na scamail, i gcónaí ina shaol dar leis agus b'in an choimhlint; an tirim in aghaidh na fliche.

Dhearg sé toitín eile, an dara ceann sa tráthnóna. Bhí sé de mhian aige iad a shábháil. Ní raibh ach cúig 'fags' fágtha sa phaicead aige. 'Cuma', a dúirt sé leis féin, bheadh lá an dóil ann amárach agus paicéad nua aige ansin.

Bhreathnaigh sé trasna an bhóthair ar an teach ina mbeadh an cruinniú ar siúl. Áras árd maorga. Cúpla stráinséir ag dul isteach anois is arís. Bhí leathuair an chloig fágtha aige go dtí go dtosnódh an cruinniú. Bhraith sé neirbhíseach agus é ag feitheamh ar an ócáid le teacht. 'Cén dochar' a dúirt sé leis féin, 'má theipeann orm



an uair seo, beidh seans ann arís an tseachtain seo chugainn ag an am céanna'.

D'fhéach sé arís ar an doras isteach. Daoine, cuid acu a d'aithrigh sé, dream eile nár aithrigh, ag dul isteach agus iad ag caitheamh a dtoitíní uathu sula ndeachaigh.

D'imigh an bháisteach. Bhreathnaigh sé ar an spéir agus na scamail ann. Thosaigh sé ag smaoineamh ar an uair a thiocfadh an bháisteach ar ais. An choimhlint mhór shíoraí idir fliuch agus tirim, idir geal agus dorchadas. Bheadh sí ann i gcónaí dar leis.

Bhí daoine de chuile shórt ag dul tríd an doras san áras. Na boic mhóra, daoine bochta, pleidhcí agus eile, a cheap sé. Cén sort fáilte a bheadh roimhe, a chéad uair ag an gcrúinniú?

Chaith sé bun a thoitín ar an talamh agus sheas sé air. Bhí sé ar bís. Daoine ag gabháil isteach agus iad ag breathnú ar an talamh seachas ar aon rud nó ar aon duine eile. Faoi dheireadh shiúil sé féin an doras isteach. Istigh, seomra mór, suíocháin ar gach taobh, an halla ag líonadh suas. Shuigh sé as bealach, sa chúinne.

D'oscail an chathaoirleach an cruinniú. Tar éis cúpla cainteoir, bheartaigh sé go labhródh sé rud. Le fonn cainte agus lán de mhothurcháin neirbhíseacha, sheas sé suas. D'fhéach sé timpeall an tseomra agus labhair sé os ard, faitíos ina ghlór 'Is mise Séamus, agus is alcólach mé!...'



Sonraí Teagmhála MISNEACH:


Náisiúnta: Facebook;
eolas@misneachabu.ie; www.misneachabu.ie

Gaillimh: facebook

Béal Feirste: facebook

Baile Átha Cliath: misneachbac@gmail.com

Misneach Dhoire, Chorcaí, Luimnigh agus Misneachd na hAlban le fáil ar facebook



MISNEACH
ár dteanga, ár dtodhchaí

Glac ballraíocht bhliantúil linn inniu!

Ainm:

Seoladh:

Fón: Ríomhphost:

€5 gan phá/€10 ar phá

Seol airgead tirim nó seic, mar aon leis an bhfoirm seo, chuig: 33 Céide na Grianóige, BÁC 24, Éire,

nó déan lóisteáil chuig:

Ainm an chuntais: MISNEACH

Cód sórtála: 90-14-90 Uimhir an chuntais: 48095491

